

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

16 IÚIL 2020



GAGA AGARRACHT!

Tá 11 ainmniúchán do Ghradam IFTA faighte ag an bhfadscannán Gaelige **Arracht**, agus tá beirt aisteoirí Gaeltachta i measc na ndaoine a fuair ainmniúchán, Dara Devaney agus Dónall Ó Héalaí. Is é Tom Sullivan údar agus stiúrthóir an scannáin. Tá Tom ainmnithe do dhá ghradam IFTA chomh maith, An Stiúrthóir is Fearr agus An Script Scannáin is Fearr. Beidh **Arracht** san iomaíocht don ghradam don Scannán is Fearr 2020, ceann de mhórdhuaiseanna IFTA, agus beidh siad in iomaíocht le *A Bump Along The Way*, *Calm with Horses*, *Extra Ordinary* agus *Ordinary Love*. Is féidir níos mó eolais a fháil faoi seo ar Tuairisc.ie



TÓRAÍOCHT TAISCE NA DTEAGHLACH

Tá tús curtha le **Tóraíocht Taisce na dTeaghlach**. Tá Oifig Pleanála Teanga agus Tuismitheoirí na Gaeltachta tagtha le chéile ar thogra álainn le deis a thabhairt do theaghlach níos mó a fhoghlaim faoina gceantair, ar bhealach taitneamhach, spráil. Is féidir tóraíocht a dhéanamh idir seo agus 16 Lúnasa agus beidh deis ag teaghlach beart leabhrán **Eolaí Póca** a bhuachaint. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Khatie ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com

GUTHANNA ÓGA AG TEASTÁIL!

Tá an ceoltóir Rossa Ó Snodaigh ón ngrúpa Kíla sa tóir ar ghuthanna gasúir idir 6 agus 11 bliain. Tá ceol réitithe ag Rossa dá leabhar do pháistí dar teideal **Aistear ar an Aibítear**. Leabhar le 18 rannta dhá líne an ceann atá ann agus téann gasúir na hÉireann ar aistear chuig tíortha i gcéin chun tabhairt faoi ghníomhartha aisteacha, iontacha iontu. Tá ceol ó na tíortha seo ar fad réitithe ag Rossa ach tá éisteachtaí do ghuthanna agus canúintí na mbuachaillí is na gcaillíní fós á lorg aige le cur ann. Stíl "rap" atá ann. Is féidir teagmháil a dhéanamh le foireann Óige na Gaeltachta le tuilleadh eolais a fháil ar an togra, trí ríomhphost a sheoladh chuig beartla@muintearas.com Beir bua!



FÉILE TRAIÐPHICNIC 2020

Comhghairdeachas le Bridge Barker agus foireann na féile Traidphicnic a d'fhoilsigh físeáin na féile le deireanaí. Cé gur chuir an phaindéim isteach ar an bhféile i mbliana, d'éirigh go hiontach léi ar líne le ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ó cheann ceann na tíre ag tabhairt faoin stáitse fíorúil. Tá ardmholadh tuillte ag Bridge agus ag a mac Oisín a rinne taifeadadh ar an bhféile agus a chuir na físeáin áille le chéile. Is iomaí taispeántas den scoth atá le feiceáil sna físeáin, chomh maith le mír aoibhinn le hÉamonn Ó Ceallacháin as an gCré Dhubh inar léigh sé rannta a scríobh a Dhaideo Joe Steve Ó Neachtain. Chas Ríona Howlin agus Damhnait Ní Fhatharta píosa ceoil i gcuimhne ar Johnny Connolly an boscadóir clúiteach ó Chor na Rón. Is féidir na físeáin a fheiceáil ar Tuairisc.ie



SCOLÁIREACHTAÍ PRINTÍSEACHTA GLAOCH OSCAILTE

Tá glaoch oscailte fógartha ag Údarás na Gaeltachta maidir leis na scoláireachtaí printíseachta atá á dtairiscint acu i mbliana. Is fiú níos mó ná €2,000 na scoláireachtaí a thugann deis d'iarrthóirí cáilíocht printíseachta mar atá aitheanta ag an gComhairle Phrintíseachta, a bhaint amach. Is d'iarrthóirí Ghaeltachta le Gaelige líofa na scoláireachtaí. Ní mór do na hiarrthóirí bheith sé bliana déag d'aois ar a laghad. Is féidir na sonraí a fháil ag: www.udaras.ie/ /oiluint-fostaíocht /oiluint/

MARATÓN NA DTEAGHLACH

Comhghairdeachas le chuile dhuine atá ag glacadh páirte i Maratón na dTeaghlach ó phobal Chois Fharraige. Tá breis is ceithre chlann déag páirteach ar son an LPT sin againne, os cionn dhá scór rannpháirtí ar fad! Tá míleáiste an phobail ag dul i méid lá i ndiaidh lae agus na rannpháirtithe ag baint an-taitneamh as. Is cosúil go mbainfear an 42km amach go luath!

TAE @ A TRÍ

Tá togra nua **Tae ag a Trí** ar bhun ag Oireachtas na Gaeilge i gcomhpháirt le **Féasta Sráide**. Imeacht seachtainiúil a bheas ann ina spreagfar daoine seiceáil ar a gcuid comharsana. Is iontach an smaoineamh é le linn na tréimhse dhúshlánaí seo. Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig brona@antoireachtas.ie




AN MHIONFHIONTRAÍOCHT AGUS NUÁLAÍOCHT

Tá scoláireacht i mionfhiontraíocht agus nuálaíocht, a mhairfidh suas le bliain á thairiscint ag Údarás na Gaeltachta, d'iarratasóirí Gaeltachta. Beidh deis acu siúd a éiríonn leo áit a bhaint amach oiliúint fhoirmiúil agus taithí phraiticiúil a fháil i réimse oibre na forbartha gnó. Íocfar €23,000-25,000 leis an té a cheapfar agus is in Ardoifig Údarás na Gaeltachta, sna Fobracha, a bheas sé/sí lonnaithe. Is féidir iarratas, mar aon le CV trí Ghaeilge@udaras.ie a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie Tá suas go dtí Dé hAoine 16ú Iúil le hiarratas a dhéanamh. Tá na sonraí uilig ar fáil ar shuíomh idirlín an Údarás: www.udaras.ie nó glaoigh ar 091 503 100 le fiosrúcháin a dhéanamh, nó eolas breise a fháil.

COMÓRTAS AMHRÁN TÍ

Tá comórtas á reáchtáil ag Gaeltacht X i gcomhar le 2fm, ag iarraidh ar dhaoine amhrán an tí a chumadh! Is féidir focla amhrán atá ann cheana a aistriú, nó is féidir amhrán as an nua a chumadh a bheidh mar amhrán tí do Thí Eoghan nó Tí Dhoireann - láithreoirí raidió ar an gclár bricfeasta 2fm. Is féidir an t-amhrán a thaifeadh asat féin, nó mar chuid de ghrúpa. Tá €300 le buachaint in aghaidh na seachtaine, le deis €1,000 a bhuachaint ag deireadh an tsamhraidh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar rte.ie/gaeilge




GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: optchoisfharraige@gmail.com



D'fhoilsigh **Cúla4** píosa álainn le deireanaí ar an ngabha Peadar Ó Cualáin, atá lonnaithe in Indreabhán. Sa pháosa, tugtar léargas iontach ar obair Pheadair agus ar an seancheird a bhíonn á chleachtadh aige. Maith thú a Pheadar! Is féidir an físeán a fheiceáil ar leathanach Facebook: Cúla4.

Tá clár nua de chuid '**...i mbun machnaimh le Micheál**' ar fáil ar leathanach Facebook: **Foras na Gaeilge**. Sa chlár seo, feictear Micheál i mbun cainte le himreoir ar fhoireann haca na hÉireann, agus múinteoir scoile Naomi Ní Chearbhaill!



Tá Dianchúrsa i Scríobh na Gaeilge á reáchtáil ag **Ollscoil Mhá Nuad** agus **Teastas Eorpach na Gaeilge** a thosóidh i mí Mheán Fómhair. Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig teanga@mu.ie



Foilsíodh alt an-spéisiúil le gairid ar **NÓS.ie**, maidir le láithreach na Gaeilge ar na meáin shóisialta. Cuireadh béim, san alt, ar chúrsaí Ghaeilge ar Twitter agus tuairiscíodh go bhfeiceann 1,200,000 duine an Ghaeilge, go laethúil, ar an suíomh. Tá an t-alt iomlán le fáil ag **NÓS.ie**

Tá rannpháirtithe á lorg ag **Fios Físe** le suirbhéanna beaga, a líonadh maidir le sceidil TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta. Is féidir an suirbhé a líonadh ar an ríomhaire, ar an bhfón, nó ar an iPad fiú! Scaiptear an suirbhé chuile sheachtain agus reáchtálfar crannchur chuile mhí dóibh siúd a leanann leis go rialta. Is féidir clárú ag www.fiosfise.ie/fiosru.asp

TACAÍOCHTAÍ TEAGHLAIGH

Tá pacáistí ar fáil ó Thuismitheoirí na Gaeltachta dóibh siúd atá ag tógáil clainne trí mheán na Gaeilge nó do dhaoine atá ag smaoineamh ar a gclann a thógáil le Gaeilge. Cuirfear acmhainní ar nós leabhair, dlúthcheirníní agus tacaíochtaí eile ar fáil le tacú leis an nGaeilge sa mbaile. Chomh maith le sin, is féidir leis an eagraíocht comhairle a chur ar fáil faoi chúrsaí Ghaeilge sa gclann agus ceisteanna a fhreagairt maidir le cur chuige agus acmhainní úsáideacha. Freastlaítear freisin ar an gcanúint ar leith atá i do theach féin. Más maith leat pacáiste tacaíochta a fháil ó Thuismitheoirí na Gaeltachta, is féidir ríomhphost a sheoladh chuig: teanga@tuismitheoiri.ie agus seolfar an fhoirm iarratais chugat.

